



## Bileog Eolais - Éagsúlacht Pátrúnachta

Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD do chuid tuairimí a fháil faoi cén cineál bunscoil ar mhaith leat do leanaí a bheith ag freastal uirthi.

### Cad atá i gceist leis seo go léir?

Tá an formhór mór (96%) de bunscoileanna na hÉireann faoi úinéireacht agus faoi phátrúnacht aicmí creidimh agus thart ar 90% de na scoileanna faoi úinéireacht agus faoi phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí.

Tá a fhios againn go léir go bhfuil athrú mór tagtha ar shochaí na hÉireann le blianta beaga anuas. Tá teaghligh ina bhfuil náisiúntachtaí, reiligiúin agus creidimh éagsúla ina gcónaí anseo anois. Caithear ár gcóras oideachais a chur in oiriúint dá bhrí sin don saol nua seo lena chinntiú go léireofar meas ar thraidisiúin éagsúla agus ar chreidimh éagsúla na daltaí.

### Cén chaoi a dtarlóidh sé sin?

Fuair an tAire Oideachais agus Scileanna, an tUasal Ruairí Quinn T.D., tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ag an bhFóram faoi Pátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais níos luaithe i mbliana agus d'fhoilsigh sé é (féach [www.education.ie](http://www.education.ie).) Mar chuid dá fhreagra ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh, tá tús curtha ag an Aire le próiseas nua chun breathnú ar an gcaoi a bhfeadfaí roinnt scoileanna atá á reáchtáil ag an Eaglais Chaitliceach a aistriú chuig comhlachtaí pátrúnachta eile i 44 ceantar ar fud na tíre. Cuirfear an próiseas seo i bhfeidhm ar bhonn píolótach ar dtús sna ceantair seo a leanas: An tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, Fionnbhrú (lena n-áirítear An Choill Mhór Thiar agus Beaumont), Baile Átha Troim agus an Trá Mhór.

Is éard a tharlóidh sa chéad chéim den phróiseas seo ná go n-iarrfar ar na tuismitheoirí nó na caomhnóirí go léir a bhfuil leanaí acu atá ag freastal ar bhunscoileanna nó ar réamhscoileanna sna ceantair sin a insint dúinn cén cineál scoile ar mhaith leo go mbeadh a gcuid leanaí ag freastal orthu. Is éard atá i gceist ná a fháil amach cé mhéid éilimh atá i measc tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le rogha níos leithne a bheith acu ó thaobh cineálacha scoile sna ceantair sin a bhfuil rogha teoranta iontu faoi láthair. Úsáidfear freagraí na dtuismitheoirí/caomhnóirí le féachaint cad iad na hathruithe atá riachtanach, más gá aon athrú a dhéanamh, chun go mbeidh rogha níos leithne ann ó thaobh bunscoileanna sna ceantair sin.

Iarrtar ort é sin a chur san áireamh, agus do thuairimí faoi phátrúnacht na scoileanna i do cheantar a thabhairt anois. Tá suirbhé ar líne ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag [www.education.ie](http://www.education.ie). Tá nasc sa suirbhé chuig mínithe faoi cad a chiallaíonn pátrúnacht agus chuig eolas faoi gach ceann de na foirmeacha eile pátrúnachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Má tá aon deacracht agat ag comhlánú an tsuirbhé nó ag iarraidh a thuiscint cad is brí leis na ceisteanna, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach chun cúnaimh a fháil ag uimhir shaorghlao 1800 303 621. Beidh an líne chabhrach ar oscailt ó 9.30 r.n. go 1 i.n. agus ó 2 i.n. go 5 i.n. ó Luan go hAoine.

Iarrtar ar na tuismitheoirí nó na caomhnóirí go léir atá i dteideal an tsuirbhé a líonadh é sin a dhéanamh ar líne roimh Aoine, 9ú Samhain, 2012. Sa chás nach bhfuil na tuismitheoirí / caomhnóirí in ann an tsuirbhé a líonadh ar líne, cuirfear suirbhé ar pháipéar ar fáil dóibh. Is féidir é seo a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh leis an uimhir shaorghlao sa Roinn Oideachais agus Scileanna 1800 303 621.